**Nuachtlitir Deireadh Fómhair 2011**

# Gaelscoil Uí Earcáin



Táimid ag druidim le briseadh meán téarma agus tá súil ag foireann na scoile go raibh leath-théarma maith agus taitneamhach ag gach éinne. Tá súil againn go mbainfidh gach éinne taitneamh agus tairbhe as an mbriseadh.

*We are almost at the mid-term break already and we all hope that this half term has been an enjoyable one for everyone. We hope that everybody enjoys the break.*

**Páistí a bhíonn déanach & a théann abhaile luath/Children who arrive late or leave early:**

**De bharr cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta:**

Má thagann do pháiste ar scoil déanach ar maidin ba chóir do thuismitheoir bileog chuí a shíniú ag míniú an fáth. Tá sé seo tábhachtach, ar fhaitíos go mbíonn an rolla glaoite sula dtagann an páiste ar scoil. Má bhíonn druil tine, ní bheadh ainm páiste ar an rolla.

Mar an gcéanna sa chás gur gá d'aon pháiste dul abhaile luath, caithfidh an tuismitheoir an bhileog a shíniú ag míniú an fáth.

***For Health and Safety reasons:***

*If your child is late in the morning, please leave him/her at the reception area to go to their class alone while you sign the "late arrivals" form. This is important in the event of a fire drill as your child's name may not be marked present on the school roll book. The same applies for children who leave school early. The form must be signed by the parent.*

*This procedure was introduced in the best interest of your child's safety. Your co-operation would be appreciated. Míle buíochas.*

**Airgead le n-íoc/ Monies owed:**


Meabhraítear daoibh táillí don bhliain a íoc chomh luath agus is féidir, le bhur dtoil?

*Can all outstanding bills for the current school year be paid as soon as possible, please?*

**Briseadh Meán Téarma / *Mid Term Break:***

Dúnfaidh an scoil mar is gnáth **Dé hAoine, 28 Deireadh Fómhair 2011**. Beidh an scoil ar oscailt arís **Dé Luain, 7 Samhain 2011**.

*The school will close after normal class times on Friday, 28 October 2011. The school will re-open on Monday, 7 November 2011.*




**<u>Oíche Shamhna/ Halloween:</u>**

**<u>Aoine 28/10/2011: Friday 28 of October 2011</u>**

Beidh comórtas bréag-éadach agus siúlóid urraithe do na páistí ar siúl sa scoil Dé hAoine, 28 Deireadh Fómhair. Tá cártaí urraíochta ag dul abhaile leis an nuachtlitir seo. Tosnóidh an tsiúlóid ar 9.30rn i bPáirc Bhaile Sheáin, ag brath ar an aimsir. Tá an tiomsú airgid seo an-tábhtach don scoil agus is í seo an chéad ócáid dá leithéid i mbliana. Tá sé i gceist againn an t-airgead a bhailítear a chaitheamh ar leabhair don leabharlann nua agus dallóga do na fuinneoga. Iarr ar bhur gclann agus bhur gcairde tacú linn le bhur dtoil. Tá fáilte roimh gach tuismitheoir. Iarrtar ar gach duine iarracht a dhéanamh gléasadh suas ar an lá. Bronnfar duais ar an bhfeisteas bailte déanta is fearr. Rachaidh na páistí ó gach rang abhaile ag an gnáth am.

*There will be a Fancy dress competition and sponsored walk for the children in the school on **Friday 28 October**. The walk will take place at 9.30am in Johnstown Park, weather permitting. Sponsorship Cards accompany this newsletter. This is a very important fundraiser for the school and the first this year. It is hope to raise funds to stock the shelves in our new library & to buy blinds for the windows. Please ask all your family and friends to support the school. Parents are welcome on the day. Everybody is asked to make an effort to dress up on the day and a prize will be awarded to the most creative / innovative home-made costume. All classes will go home at* ***<u>their normal finishing time.</u>***



**<u>Cnónna</u>**

Meabhraítear do chuile dhuine arís nach bhfuil cead cnónna a thabhairt isteach ar scoil ná aon táirgí le cnónna iontu.

*We remind you once again that all nuts and nut products are strictly banned in the school.*

**<u>Éide Scoile & Éide Spóirt</u>**


Is féidir leis na páistí i naíonáin bheaga & mhóra a éide spóirt nó a éide scoile a chaitheamh gach lá.

*The children in junior or senior infants can wear either their tracksuit or their school uniform to school every day.*

**<u>Lipéid</u>**

Déan cinnte go bhfuil an ainm ar gach rud a bhaineann le do páistí- cóta, mála scoile agus ar na leabhair.

*Please ensure that children's, clothes, bags and books are clearly labelled; as if they are not it often becomes impossible to find them when they become lost.*



**Leabhair Scoile/ School books**

Tá páistí fós ag teacht ar scoil gan leabhair scoile. Titfidh do pháiste siar muna bhfuil na leabhair scoile acu gach lá. Iarrtar ar gach duine a chinntiú go bhfuil na leabhair ag gach páiste. Má tá aon deacracht agat maidir leis an leabhair a cheannacht ba chóir labhairt leis an bPríomhoide, Leah.

*Children are still coming to school without school books. Your child will fall behind if they do not have the necessary school books in class every day. Please ensure that all children have their books. If you have difficulty purchasing books please contact the Príomhoide.*

**Cabhair sa scoil/ Helping in the school**

Míle buíochas do gach duine atá ag cuidiú sa scoil gach lá. Má tá fonn ar éinne cabhair a thabhairt (clúdú leabhair, garraíodóireacht, eagrú ginearálta) dean teagmháil linn.

*A huge thank you to all those who continue to help out the school every day, covering books, gardening, general organizing) please contact us.*

**Aifreann Tadhg/**

Léifear aifreann cuimhneacháin do Thadhg Ó Fainín Déardaoin, 13 Deireadh Fómhair ag 12.00 i halla na scoile. Beidh páistí ó Naíonáin Shinsearacha go Rang 6 i láthair agus beidh fáilte roimh thuismitheoirí. Aifreann cuimhneacháin na bpáistí agus na múinteoirí a bheidh i gceist agus tá obair mhór déanta acu ar fad ag ullmhú don Aifreann seo.

*The school will have a mass in memory of Tadhg Ó Fainín on Thursday 13 October in the school hall at midday. The children from senior infants to 6th class will attend and parents are welcome. This will be the children's mass, and all the staff and children have worked together in the preparation of this special mass.*

**Peil**

Tá muinteoirí Pádraig agus Niall i mbun traenála leis an bhfoireann peile agus tá ag éirí go han-mhaith leo. Is iontach an rud é páistí a fheiceáil ag glacadh páirte sa traenáil agus sna cluichí agus iad ag foghlaim scileanna nua. Beidh Múinteoir Doireann ag tosnú traenála leis na cailíní go luath tráthnóntaí Luain agus seolfar nóta abhaile faoi.

*Múinteoir Pádraig & Múinteoir Niall are having great success with our new football team. It is great to see the children participating in the training & matches, and learning new skills.*
*Múinteoir Doireann is happy to do training with the girls, also on Mondays. A note will go out shortly.*

**Cnoc Coipéar/ Copper Mountain:**

Tá Cnoc Coipéar againn sa scoil. Bíonn muid go léir ag iarraidh fáil réidh leis an sóinseáil a líonann ár bpócaí agus nach mbíonn muid in ann a chaitheamh riamh. Anois, tá seans agat-tabhair an sóinseáil don scoil! Tá an scoil ag bailiú aon sóinseáil go bhfuil tusa ag iarraidh fail réidh leis. Seol an t-airgead isteach le do pháiste, beidh pota airgid i ngach rang. Míle buíochas!

*We have a Copper Mountain in the school. We would all like to get rid of that loose change that always weighs down our pockets. Well here's your chance, give your coppers to the school! The school will collect any change that you want to dispose of. Simply send it in to the school with your child. There will be a pot in each classroom. Thanks!*

**Bord Bainistíochta Nua**

Beidh an Cathaoirleach nua agus ionadaí an Phatrúin ar an mBord Bainistíochta, Donncha Ó Ceallacháin ag eagrú toghcháin do ionadaithe na dtuistí go luath don Bhord Bainistíochta nua a thiocfaidh i bhfeidhm i mí na Nollag. Má ta spéis agat d'ainm a chur chun cinn glacfar le hainmniúcháin ag an gcruinniú a eagrófar. Seolfar abhaile nóta agus réamheolas ina leith go luath.

*Donncha Ó Ceallacháin our new chairperson and patron representive on the Board of Management will be organizing a meeting for the election of parents' rep for the new Board of Management shortly. If you are interested in putting your name forward nominations will be accepted at the meeting.*

**Ranganna Gaeilge/ Irish Classes**

Tá an-áthas orainn a rá go mbeidh na ranganna Gaeilge ag tosnú Dé Céadaoin 12 Deireadh Fómhair. Beidh dhá rang againn i mbliana le Múinteoir Marianne & Múinteoir Jacinta. Beidh na ranganna ag díriú ar an nGaeilge a bheas ag teastáil uait agus tú ag caint le do pháiste sa bhaile.Tá súil againn go mbeidh na ranganna seo; éadrom, suimiúil, cabhrach agus úsáideach agus go mbeidh tú in ann an Ghaeilge a thuiscint agus a labhairt níos fearr ina ndiaidh. Tá costas €30 ar na ranganna. Ionas gur féidir linn na ranganna a eagrú caithfidh muid an t-airgead a fháil go luath chun na huimhreacha a chinntiú. Má tá suim agat sna ranganna Gaeilge an féidir leat é a chur in iúl don oifig agus an t-airgead a íoc comh luath agus is féidir le do thoil. Rachaidh na rangann ar aghaidh ag brath ar an éileamh.

*We are delighted to announce that Irish classes will begin Wednesday 12th October 2011. Múinteoir Marianne & The beginners' class will be from 7.30pm to 8.30pm with Múinteoir Jacinta continuing with her class at the same time. The classes will focus on everyday Irish that you will need to converse with your children at home. We envisage the classes to be; interesting, helpful, practical and light. We hope that the classes will enable you to understand and speak some Irish. And that they will help you to converse with your child on a daily basis. The classes cost €30. In order to organize the classes and confirm numbers we need to have the fees in as soon as possible. If you are interested in learning Irish please contact the oifig.*

**Céad Chomaoineach 2012/First Communion 2012**

Eagrófar cruinniú ar an Déardaoin, 13 Deireadh Fómhair ag 2.00 do thuismitheoirí pháistí Rang 2 leis an Athair Ó Cochláin.
*There is a meeting organised for parents of children in Rang 2 on Thursday 13th October at 2pm with an tAthair Ó Cochláin.*

Míle buíochas do gach éinne atá ag cuidiú agus ag tacú leis an scoil.
*Many thanks to everyone for your continuing support for the school and the fundraisers in many different ways.*

Ar scáth a chéile, a mhairimid!
Leah agus An Fhoireann